# Topaic 6: An Saol Laethúil

## Feidhmeanna

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang conas/faoi:*

| | |
|---|---|
| 6.1 | ~ fiafraí de dhuine cén t-am atá sé agus an cheist sin a fhreagairt |
| 6.2 | ~ labhairt faoi rudaí a dhéanann tú gach lá |
| 6.3 | ~ a rá cén t-am a dhéanann duine rudaí éagsúla |
| 6.4 | ~ ceist a chur ar dhuine cén t-am a dhéanann sé/sí rud éigin |
| 6.5 | ~ fiafraí de dhuine an ndéanann sé/sí rud áirithe |

## An ghramadach

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

- An Aimsir Láithreach den bhriathar: ***éirím, ithim, ólaim, téim, déanaim***
- Ceisteanna a chur agus a fhreagairt san Aimsir Láithreach: ***An dtéann tú? Téim/Ní théim***
- Uimhreacha agus am: ***a dó a chlog, leathuair tar éis/i ndiaidh/ceathrú chun/go dtí***
- ***ar*** + séimhiú: ***ar cheathrú go dtí a trí***

## Stór focal

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

Béilí: ***bricfeasta, lón, dinnéar***
Focail a bhaineann leis an saol laethúil: ***obair, scoil, siopadóireacht...***
Minicíocht/Tréimhsí ama: ***de ghnáth, anois is arís, go minic, idir***

## Beidh an foghlaimeoir in ann…

| | |
|---|---|
| Labhairt | Cur síos an-simplí a thabhairt ar na rudaí a dhéanann sé/sí de ghnáth agus ceisteanna simplí a chur ar dhuine eile faoin ábhar céanna. |
| Cluastuiscint | Tuigfidh an foghlaimeoir ceisteanna simplí faoi ghnáthimeachtaí laethúla. Beidh tuiscint aige/aici ar chur síos an-simplí ó dhaoine eile faoi ghnáthimeachtaí laethúla. |
| Léamhthuiscint | Beidh na foghlaimeoirí in ann focail agus frásaí an-simplí a bhaineann leis an ábhar seo a léamh. Mar shampla, an t-am, imeachtaí, ionaid. |
| Scríbhneoireacht | Beidh na foghlaimeoirí in ann frásaí an-simplí a scríobh faoin saol laethúil atá acu féin - mar shampla, nóta simplí a scríobh: 'Dinnéar Dé Domhnaigh ag 7.30?' nó nóta gearr a scríobh i ndialann. |

© OÉ Má Nuad

## 6.1 Fiafraí de dhuine cén t-am atá sé agus an cheist sin a fhreagairt

**(A)** Cuir an méid seo a leanas i láthair na bhfoghlaimeoirí agus déan cleachtadh air ar feadh cúpla nóiméad:

*Cén t-am atá sé?*

| | | | |
|---|---|---|---|
| *(Tá sé…)* | *a haon a chlog* | *(Tá sé…)* | *a seacht a chlog* |
| | *a dó a chlog* | | *a hocht a chlog* |
| | *a trí a chlog* | | *a naoi a chlog* |
| | *a ceathair a chlog* | | *a deich a chlog* |
| | *a cúig a chlog* | | *a haon déag a chlog* |
| | *a sé a chlog* | | *a dó dhéag a chlog* |


**(B)** Scríobh cúpla am ar an chlár agus cuir ceist ar dhaoine éagsúla *Cén t-am atá sé?*

- Mínigh *meánlae* = 12.00 i lár an lae agus *meánoíche* = 12.00 i lár na hoíche.

**(C)** Múin na pointí ama seo thíos don rang. Ba cheart go dtuigfeadh na foghlaimeoirí na leaganacha éagsúla ach ní gá dóibh ach bheith in ann leagan amháin a úsáid.


*Cén t-am atá sé?*
*Leathuair tar éis a dó./ Leath i ndiaidh a dó.*
*Ceathrú chun/go dtí a trí.*
*Ceathrú tar éis/go dtí a cúig.*

- Scríobh cúpla am difriúil ar an chlár agus cuir ceist ar roinnt foghlaimeoirí *Cén t-am atá sé?* Tabhair an deis do roinnt de na foghlaimeoirí am faoi leith a scríobh ar an chlár agus an cheist *Cén t-am atá sé?* a chur ar dhaoine eile sa rang.

**(C) Gníomhaíocht: Caint**

- Déan cóip de **Bhileog 6.1 (C): Cloig Éagsúla**, do gach duine sa rang.
- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna.
- Iarr orthu sealanna a thógáil agus na hamanna atá ar na cloig a rá.
- Nuair a bheidh cúpla nóiméad caite acu á dhéanamh seo, ceartaigh an ghníomhaíocht leo. Téigh timpeall an ranga agus iarr ar gach foghlaimeoir an t-am atá ar chlog áirithe a rá agus déan cibé ceartúchán is gá.

© OÉ Má Nuad

**(D) Gníomhaíocht: Cluastuiscint**

- Abair leis na foghlaimeoirí breathnú ar **Bhileog 6.1 (C): Cloig Éagsúla** arís. Inis dóibh go gcloisfidh siad ocht mír ar an dlúthdhiosca. Caithfidh siad uimhir na míre (1-8) a scríobh sa bhosca in aice leis an chlog a thaispeánann an t-am a chloiseann siad sa mhír.
- Cuir i gcuimhne dóibh gan a bheith buartha mura dtuigeann siad gach uile rud ar an dlúthdhiosca..
- Nuair a bheas na míreanna cloiste acu, déan an ghníomhaíocht a cheartú.

## 6.2 Labhairt faoi rudaí a dhéanann tú gach lá

**(A)** Tabhair cóip de **Bhileog 6.2 (A): Céard a dhéanann tú gach lá**, do gach duine sa rang. Abair leo go mbeidh siad ag foghlaim an chaoi labhairt faoi na rudaí a dhéanann siad gach lá. Iarr ar gach foghlaimeoir a ligean air/uirthi féin gurb eisean/ise an duine sna pictiúir ar an bhileog seo.


- Bain úsáid as na pictiúir ar an bhileog chun na habairtí seo a leanas a mhúineadh do na foghlaimeoirí:

*i) Éirím ag ceathrú chun a seacht.*
*ii) Ithim bricfeasta ag a seacht a chlog.*
*iii) Téim ag obair ag leathuair tar éis a seacht.*
*iv) Tosaím ag obair ag leathuair tar éis a hocht.*
*v) Ólaim cupán tae nó caife ag a haon déag.*
*vi) Bíonn lón agam ag leathuair tar éis a dó dhéag.*
*vii) Oibrím go dtí a cúig a chlog.*
*viii) Déanaim an tsiopadóireacht ag ceathrú tar éis a cúig.*
*ix) Casaim le cairde ag ceathrú chun a sé.*
*x) Tagaim abhaile ag leathuair tar éis a seacht.*
*xi) Ithim mo dhinnéar ag a hocht a chlog.*
*xii) Téim a luí ag meánoíche.*

- Déan cleachtadh agus athrá ar gach abairt thuas leis an rang ar feadh cúpla nóiméad.
- Ansin, cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna.
- Iarr orthu oibriú le chéile agus dul tríd na pictiúir ar **Bhileog 6.2 (A): Céard a dhéanann tú gach lá**, ag cleachtadh na n-abairtí ar fad.
- Múin na nathanna seo thíos dóibh agus déan athrá orthu.

| | |
|---|---|
| *idir:* | *Ithim mo dhinnéar idir a seacht agus a hocht* |
| *roimh:* | *Téim a luí roimh a haon déag* |
| *sa tráthnóna:* | *Casaim le cairde sa tráthnóna.* |
| *san oíche:* | *Éistim le ceol san oíche.* |

© OÉ Má Nuad



**(B) Gníomhaíocht: Cluastuiscint**

- Tabhair **Bileog 6.2 (B): Gnáthlaethanta**, do gach duine sa rang
- Abair leis an rang go mbeidh siad ag déanamh cleachtadh cluastuisceana anois agus mínigh dóibh go bhfuil seans nach dtuigfidh siad gach a bhfuil á rá ar an dlúthdhiosca ach gan a bheith buartha faoi.
- Abair leo go bhfuil dhá bhriathar nua sa chleachtadh seo: *Siúlaim* agus *Tiomáinim*.
- Léigh na treoracha ag barr na bileoige leo.
- Lig dóibh éisteacht leis an dá mhír dhá uair ar a laghad.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht. Iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla abairt a léamh amach.

## 6.3 Ceist a chur ar dhuine cén t-am a dhéanann sé/sí rud éigin

**(A)** Bíodh na ceisteanna seo a leanas scríofa ar thréshoilseán agat roimh thús an ranga. Múin na ceisteanna do na foghlaimeoirí agus déan athrá orthu ar feadh tamaill.


*Cén t-am a éiríonn tú ar maidin?*
*Cén t-am a itheann tú do bhricfeasta?*
*Cén t-am a thosaíonn tú ag obair?*
*Cén t-am a bhíonn lón agat?*
*Cén t-am a thagann tú abhaile sa tráthnóna?*
*Cén t-am a bhíonn do dhinnéar agat?*
*Cén t-am a théann tú a luí de ghnáth?*

- Ansin, déan na ceisteanna thuas a chur ar roinnt de na foghlaimeoirí.

**(B)** Mínigh dóibh gur mar seo a leanas chuirtear an cheist chéanna ar ais ar dhuine:

*A: Cén t-am a thosaíonn tú ag obair?*
*B: Timpeall a naoi a chlog. Cén t-am a thosaíonn* ***tú féin/tusa*** *ag obair?*
*A: Roimh a naoi de ghnáth.*

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna agus abair leo na ceisteanna thuas a chur ar a chéile.



**(C) Gníomhaíocht: Cluastuiscint**

- Tabhair cóip de **Bhileog 6.3 (C): Dhá Shaol**, do gach foghlaimeoir.
- Léigh na treoracha ag barr na bileoige agus na ceisteanna leo lena chinntiú go dtuigeann siad gach rud.

© OÉ Má Nuad

- Mínigh dóibh gur leor focal amháin a scríobh isteach. Mar shampla: *scannán* – nach gá abairt iomlán *Téann sé chuig scannán* a scríobh.
- Déan na míreanna a sheinm ar a laghad dhá uair.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin – iarr ar na foghlaimeoirí iarracht a dhéanamh na focail a scríobh siad isteach a úsáid chun abairt iomlán a chur le chéile don fhreagra. Mar shampla: *Éiríonn Ríona ag ceathrú tar éis a seacht.*

## 6.4 Fiafraí de dhuine an ndéanann sé rud áirithe

**(A)** Mínigh don rang go mbeidh siad ag cur ceisteanna ar an duine in aice leo i gceann tamaill chun a fháil amach an ndéanann sé/sí rud áirithe.

- Iarr orthu smaoineamh ar an méid a d'fhoghlaim siad i dTopaic 5 faoi Chaitheamh Aimsire. Cuir ceist orthu an cuimhin leo cad é mar a chuir siad ceist ar dhuine nuair a bhí siad ag iarraidh a fháil amach an gcleachtaíonn sé/sí caitheamh aimsire áirithe.

- Scríobh na ceisteanna seo thíos ar an chlár:

  *An imríonn tú leadóg?*
  *An dtéann tú go dtí an phictiúrlann??*

- Anois, scríobh na briathra seo a leanas ar an chlár.

  *casann éisteann féachann imríonn*

- Iarr orthusan aithris a dhéanamh ar na ceisteanna thuas agus ceisteanna eile a chumadh ag úsáid na mbriathar thuas. Scríobh roinnt dá gcuid ceisteanna ar an chlár agus déan plé leo ar na hathruithe a tharlaíonn tar éis an fhoirm cheisteach *an.*

  *An gcasann tú le cairde?*
  *An éisteann tú le ceol?*
  *An bhféachann tú ar an teilifís?*
  *An imríonn tú spórt?*


- Cuir na ceisteanna ar roinnt de na foghlaimeoirí agus déan cinnte go bhfuil siad in ann freagra dearfach agus diúltach a thabhairt ar na ceisteanna.

**(B)** Anois, déan na ceisteanna thíos a chur ar dhaoine éagsúla sa rang. Éist go cúramach leis na freagraí a thugann siad duit.

| | |
|---|---|
| *An éiríonn tú go luath?* | *Éirím/Ní éirím* |
| *An dtéann tú a luí go luath?* | *Téim/Ní théim* |
| *An mbíonn lón agat le cairde?* | *Bíonn/Ní bhíonn* |
| *An dtosaíonn tú ag obair ar a naoi?* | *Tosaím/Ní thosaím* |
| *An gcasann tú le cairde sa tráthnóna?* | *Casaim/Ní chasaim* |
| *An itheann tú do dhinnéar ar a seacht?* | *Ithim/Ní ithim* |


© OÉ Má Nuad

| | |
|---|---|
| *An dtagann tú abhaile ar a sé?* | *Tagaim/Ní thagaim* |
| *An ólann tú caifé gach lá ar a haon déag?* | *Ólaim/Ní ólaim* |
| *An ndéanann tú an tsiopadóireacht Dé Sathairn?* | *Déanaim/Ní dhéanaim* |




**(C) Gníomhaíocht: Caint**

- Tabhair cóip de **Bhileog 6.4 (C): Ceisteanna**, do gach duine sa rang.
- Cuir ag obair i mbeirteanna iad.
- Abair leo gur cheart do dhuine amháin na ceisteanna ar fad a fhreagairt sula ndéanann sé/sí na ceisteanna a chur ar an duine eile.
- Abair leo gur leor freagraí loma a thabhairt. Mar shampla: *An éiríonn tú go luath ar maidin?* Freagra: *Éirím/Ní éirím*.
- Téigh timpeall le linn dóibh a bheith i mbun cainte agus déan nóta d'aon deacracht a bhíonn acu. Is féidir leat aon fhadhbanna a phlé leis an rang iomlán nuair a bhíonn an ghníomhaíocht críochnaithe acu.



**(D) Gníomhaíocht: Cluastuiscint**


- Tabhair cóip de **Bhileog 6.4 (D): Micheál ag caint**, do gach foghlaimeoir.
- Léigh na habairtí atá ar an bhileog leo agus ansin iarr orthu éisteacht leis an dlúthdhiosca agus tic a chur sa bhosca Fíor nó Bréagach i ngach cás.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang ansin. Lig d'fhoghlaimeoirí abairt a léamh amach agus a rá an bhfuil sé fíor nó bréagach. Má tá ráiteas bréagach cuir ceist orthu an féidir leo an t-eolas ceart a thabhairt?



**(E) Gníomhaíocht: Léamhthuiscint**


- D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a thabhairt dóibh mar obair bhaile. Má thugann tú dóibh mar obair bhaile í, déan cinnte go dtuigeann siad cad é go díreach atá le déanamh.
- Má bhaintear úsáid aisti mar ghníomhaíocht ranga. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna.
- Tabhair cóip de **Bhileog 6.4 (E) Saol laethúil Mharia**, do gach duine.
- Léigh na treoracha ag barr na bileoige leo.
- Iarr orthu tabhairt faoin ghníomhaíocht ina n-aonar ar dtús agus ansin, nuair a bheidh siad críochnaithe iarr orthu a gcuid freagraí a phlé leis an duine in aice leo sula ndéanann tusa na ráitis a phlé leis an rang ar fad, Déan plé ar aon deacrachtaí a tháinig chun cinn agus iad ag obair ar an sliocht.

© OÉ Má Nuad



### (F) Gníomhaíocht: Scríbhneoireacht

- Tabhair cóip de **Bhileog 6.4 (F): Seachtain Orla**, do gach foghlaimeoir. Tá dhá leathanach ar fad ann.
- Iarr orthu féachaint ar na pictiúir i gCuid a hAon den bhileog agus abairt iomlán a scríobh i gCuid a Dó den Bhileog ag rá cad a dhéanann Orla de ghnáth ag an am sin gach seachtain. Tá sampla déanta le cabhrú leo.
- Nuair a bheas siad críochnaithe, tabhair an deis dóibh na habairtí a scríobh siad a phlé leis an duine in aice leo sula ndéanann tusa an ghníomhaíocht a phlé leis an rang ar fad.



### (G) Gníomhaíocht: Foghraíocht

- Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag déanamh cleachtadh foghraíochta ar na fuaimeanna *n* leathan agus *n* caol.
- Bíodh na focail seo leanas ullmhaithe agat ar thréshoilseán nó scríobh iad ar an chlár ionas go bhfeicfidh an rang iad.

  1. *naoi*
  2. *ní*
  3. *i ndiaidh*
  4. *dinnéar*
  5. *téann*
  6. *déan*
  7. *déanann*
  8. *tráthnóna*
  9. *éiríonn*
  10. *a haon*
- Iarr orthu éisteacht leis na focail seo ar an dlúthdhiosca (***CUID A***) nó thig leat féin na focail sa liosta sa téipscript a rá ós ard:
- Seinn nó abair na focail arís.
- Cuir ceist orthu cad a thugann siad faoi deara. Mínigh dóibh go bhfuil dhá fhuaim ag an litir '*n*' sa Ghaeilge, '*n*' leathan agus '*n*' caol agus go mbraitheann fuaim an '*n*' ar an ghuta a bhíonn roimh nó i ndiaidh an '*n*'. (guta leathan nó guta caol – mínigh arís cad é atá i gceist leis seo, más gá.)
- Abair nó seinn na focail arís agus iarr ar an rang na foghlaimeoirí iad a rá i do dhiaidh.
- Abair leo go seinnfidh tú an dlúthdhiosca arís (***CUID B***) agus iarr orthu éisteacht go cúramach an t-am seo leis na fuaimeanna '*n*' in abairtí.

  1. *Éirím ag a naoi a chlog.*
  2. *Ní ólaim caifé.*
  3. *Tá sé leath i ndiaidh a cúig.*

© OÉ Má Nuad

4. *Ithim an dinnéar ag a hocht.*
5. *Téann sé a luí ag a haon déag.*
6. *Déanaim an dinnéar ag a 6.*
7. *Déanann sí an tsiopadóireacht.*
8. *Casaim le cairde sa tráthnóna.*
9. *Éiríonn Rob ag a naoi a chlog.*
10. *Bíonn mo lón agam ag a haon.*

- Seinn an dlúthdhiosca cúpla uair agus tabhair deis do na foghlaimeoirí na habairtí a rá iad féin.

© OÉ Má Nuad